



LLWYBRAU CELTAIDD
CELTIC ROUTES
BEALAÍ NA gCEILTEACH

SRAITH STRAITÉISÍ
DON GHNÓ



**'IS É CROÍLÁR ÁR DTÍRE AN
TRÍONÓID DHOSHÉANTA.
AGRAÍMID SIBH SPÉIR
AGUS TALAMH AGUS
MUIR.' SLIOCHT TÓGTHA
Ó BHEANNACHT DRAOI
CHEILTIGH)**

Aberiddy,
Pembrokeshire

CLÁR

- 4 Bealaí na gCeilteach a Chur i Láthair
- 6 Cén tábhacht atá le Bealaí na gCeilteach?
- 9 Céard é?
- 10 Cé orthu a bhfuil sé dírithe?
- 12 Bealaí na gCeilteach i mbeagán focal
- 14 Ár samhail bhranda
- 16 Tuin Chainte Bhealaí na gCeilteach
- 18 Bealaí na gCeilteach Léarscáil
- 20 Bealaí na gCeilteach: Rabhcháin
- 26 Bealaí na gCeilteach: Pointí Ama
- 32 Bealaí na gCeilteach: Téamaí
- 46 Bealaí na gCeilteach a Chur Chun Cinn
- 48 Bímis praiticiúil – Pethau bychain
- 50 Sócmhainní Branda Bhealaí na gCeilteach
- 52 An Gealltanais Ceilteach
- 54 Bealaí na gCeilteach Teagmhálacha

BEALAÍ NA GCEILTEACH A CHUR I LÁTHAIR

Is comhthionscadal é Bealaí na gCeilteach idir Comhairlí Contae Carmarthenshire agus Ceredigion, Páirc Náisiúnta Chósta Pembrokeshire sa Bhreatain Bheag Thiar, agus Comhairlí Contae Phort Láirge, Loch Garman agus Chill Mhantáin in Oirdheisceart na hÉireann.

Is é aidhm an chomhthionscadail ná borradh a chur faoi líon na dturasóirí agus airgead a chaitheamh i gceantair nach bhfuil an oiread sin tóir orthu, atá suite feadh na bpríomhbhealaí idirthuais idir na pointí iontrála agus na háiteanna ar a mbíonn tarraingt mhór mar chinn scríbe turasóireachta.

Is fiú €1.99m an comhthionscadal, agus tá sé á maoiniú go páirteach trí Chlár Comhair na hÉireann agus na Breataine Bige 2014–2020.

Cuireadh tús le Bealaí na gCeilteach in Eanáir 2018 agus rithfidh sé go dtí Nollaig 2020.

Is buneolas atá sa tsraith uirlisí seo ar Bhealaí na gCeilteach i gcomhair gnóthais turasóireachta, cinn scríbe, páirtithe leasmhara agus gnó na turasóireachta. Tugtar achoimre ann ar thogra Bhealaí na gCeilteach agus tá sé ceaptha a bheith ina bhonn le forbairt agus gníomhaíocht mhargaíochta amach anseo.

Avoca Valley Foraging,
Co. Chill Mhantáin

An méid a léifidh tú sa bhuneolas, forbraíodh é bunaithe ar thaighde ar dhearcthaí cuairteoirí, ceardlanna comhpháirtíochta chun téamaí coiteanna a shainiú, iniúchtaí na sócmhainní nádúrtha, cultúrtha agus oidhreacht a ngach ceann de na 6 chontae, agus taighde margaidh chun faisnéis a thiomsú maidir le spriocmhargaí.

Chun cabhrú linn tairiscint shoiléir láidir a fhorbairt, táimid tar éis a bheith ag labhairt le páirtithe leasmhara féideartha ar fud na gcontaetha comhpháirtíochta. Táimid buíoch do gach duine a chuir am i leataobh chun a gcomhairle agus a n-eispéiris a chur ar ár súile dúinn, agus táimid ag tnúth le tuilleadh ceardlann a óstáil d'fhonn daoine a chur ar an eolas faoi dheiseanna chun obair le chéile agus d'fhonn torthaí agus foghlaim tionscadail a scaipeadh.

Sna leathanaigh seo, déanaimid cur síos ar an gcineál cuairteora a mbeimid ag díriú air, agus cuirimid an tsamhail bhranda i láthair, ina leagtar amach togra Bhealaí na gCeilteach, mar aon leis an scéal branda a léiríonn spiorad Bhealaí na gCeilteach.

Ach ní ar an mbranda amháin atáimid ag trácht anseo. Áirímid ábhar samplach freisin le haghaidh rogha de na heispéiris a ainmníodh go dtí seo agus moltaí simplí maidir leis an gcaoi ar féidir leatsa d'aistear Bhealaí na gCeilteach a thosú linn.

CÉN TÁBHACHT ATÁ LE BEALAÍ NA GCEILTEACH?

Tá scéal againn le hinsint duit.

Faoi dhá náisiún atá deighilte ag an bhfarraige ach a bhfuil dáimh dhoscrista eatarthu.

Dhá náisiún a bhfuil an fhuil ársa chéanna ag coipeadh inár gcuislí, a bhfuil a scéalta staire rialaithe ag na hiarmhairtí céanna.

Dhá náisiún a fheiceann iontas an domhain nádúrtha fós agus a úsáideann é chun cothromaíocht agus síocháin a bhaint amach inár saol gnóthach.

Dhá náisiún a thugann aghaidh ar a chéile sa spórt ach a cheiliúránn a gcuid buanna agus a chásaíonn a mí-ádh i dteannta a chéile.

Dhá náisiún ar breá leo scéal maith agus a insíonn na scéalta sin inár dtuin cháinte bhinn féin.

Agus dhá náisiún a chuirfidh fáilte romhat mar strainséir ach a fhágfaidh slán agat mar chara.

Forbraíodh an tionscadal Bhealaí na gCeilteach chun na buanna nádúrtha, cultúrtha agus oidhreachtá cosúla atá i ngach ceann de na 6 chontae comhpháirtíochta a thabhairt le chéile chun líon na gcuariteoirí a mhéadú agus chun an coimeád ioncaim a uasmhéadú i ngeilleagair áitiúla na gcontaetha sin. Cé gur cinn scríbe rathúla turasóireachta iad na contaetha sin uile iontu féin, meastar gur gné rithábachtach é cruthú na comhpháirtíochta seo de chuariteoirí reatha agus nua a mhealladh chun turas a thabhairt ar cheantair i bhfad níos fairsinge, atá píosa maith ar shiúl ó na príomhbhealaí idirthurais agus na háiteanna ar a mbíonn tarraingt mhór mar chinn scríbe turasóireachta.

Llansteffan,
Carmarthenshire

BEALAÍ NA GCEILTEACH CÉARD É?

Is éard atá i gceist le Bealaí na gCeilteach ná sraith eispéireas turasóireachta a spreagann taistealaithe chuig Éirinn agus chuig an mBreatain Bheag chun an Spiorad Ceilteach a fhionnachtaineadh, agus a thairgeann roinnt mhaith fóir-eispéireas Ceilteach tumthach sa Bhreatain Bheag Thiar agus in Oirdheisceart na hÉireann.

Trá na mBó, Co. Phort Láirge



Slieve Coillte,
Co. Loch Garman

CÉ ORTHU A BHFUIL SÉ DÍRITHE? ÁR SPRIOC- CHUAIRTEOIRÍ AGUS ÁR BPRÍOMH-MHARGAÍ

Is tábhachtach cur amach a bheith agat ar do chuairteoirí féideartha ionas go mbeifeá in ann margáíocht spriocdhírthe a dhéanamh go héifeachtach. Is féidir leat a chinntiú freisin go bhfuil do thairiscint in oiriúint do na cineálacha sin cuairteora. Seo a leanas na cineálacha cuairteora a mbeidh Bealaí na gCeilteach ag díriú orthu:

TAISCÉALAITHE CULTÚRTHA

Cúplaí, 40+ ar an bhformhór. Daoine ón meánaicme ar ioncam ard den chuid is mó.

Cad atá á lorg acu siúd?

Réimse leathan taitneamhachtaí stairiúla, bailte agus cathracha ar díol spéise iad, agus radhairc áille. Suim acu i modh maireachtála agus cultúr an cheantair áitiúil agus i bhfíor-eispéiris a bheith acu.

New Quay, Ceredigion



Is léir ónár dtaighde margaidh gurb amhlaidh a tharraingeoidh Bealaí na gCeilteach cuairteoirí ón Ríocht Aontaithe, ó Éirinn, ón bhFrainc, ón nGearmáin agus ó na Stáit Aontaithe, atá tar éis cuairt a thabhairt ar Éirinn nó an Bhreatain Bheag cheana, nó atá ag tabhairt cuairt ar Éirinn nó an Bhreatain Bheag faoi láthair, nó atá ag smaoineamh ar chuairt a thabhairt ar Éirinn nó an Bhreatain Bheag. Is iad sin ár bpríomh-mhargáí.

Dar ndóigh, is é is dóichí ná go meallfaidh Bealaí na gCeilteach cuairteoirí ó gach cearn den domhan. Ach má dhírímid ár ngníomhaíocht bolscaireachta ar na margaí thuas, cinnteoidimid go mbainfimid an luach is fearr agus is féidir as ár n-iarrachtaí agus ár n-infheistíocht.

TAISCÉALAITHE GNÍOMHACHA

Cúplaí, daoine singile agus grúpaí cairde. Aoisraon leathan.

Cad atá á lorg acu siúd?

Ag iarraidh a bheith ar chúl éaga agus spreagtha ag gníomhaíochtaí, breathnú ar na radhairc, agus cósta agus tuath gan mhilleadh.

Kilfarrassy Beach, Co. Phort Láirge



TAISCÉALAITHE AR TEAGHLAIGH GHNÍOMHACHA IAD

Ón meánaicme go príomha, agus páistí acu faoi bhun 15

Cad atá á lorg acu siúd?

Ag lorg neart rudaí le déanamh, spraoi, eachtraí agus gníomhaíochtaí, taiscéalaíocht agus fionnachtaineadh, chun a mhór a dhéanamh dá n-am le chéile.

St David's Cathedral, Pembrokeshire



BEALAÍ NA GCEILTEACH I MBEAGÁN FOCAL: ÁR SCÉAL

Más fíor an seanfhocal, bíonn siúlach scéalach. Ach bíonn i bhfad níos mó i gceist le haistir áirithe. Ligeann siad duit an domhan a fheiceáil trí shúile difriúla. Nasc beo leis an nádúr a fheiceáil. An stair agus an fhinscéalaíocht a fheiceáil agus iad fite fuaite ina chéile in áiteanna spioradálta. Cothromaíocht agus síocháin a fheiceáil inár saol gnóthach.

Bealaí na gCeilteach atá sna haistir sin.

Don dream a mhair fadó, bhí spiorad nádúrtha go smior i ngach sliabh, gach abhainn, gach crann agus gach cloch. Mhair siad go síochánta leis na spioraid úd agus chruthaigh siad modh maireachtála a bhí i dtiúin leis an dúlra.

Tá iarsmaí den mhodh maireachtála sin follasach fós sa Bhreatain Bheag Thiar agus in Oirdheisceart na hÉireann.

Lean Bealaí na gCeilteach agus beidh tú ar bhóithre ar an leathimeall chuig tailte ina mbíonn cora na séasúr ag preabadh fós. Aimseoidh tú crosa ársa, séipéil thréigthe agus clocha beannaithe. Cloisfidh tú rithimí an domhain nádúrtha i dtuin ár gcainte agus muid ag insint scéalta faoi naoimh agus pheacaigh. Beidh tú ag fámaireacht faoi thírdhreacha sceirdiúla ina spreagtar eachtraí laethúla. Beidh sráidbhailte romhat ina bhfuil daoine sásta seal a chaitheamh leatsa agus lena gcomharsana.

Treoraíonn gach céann de Bhealaí na gCeilteach thú níos gaire don chósta agus don tuath, do na daoine agus do na háiteanna a raibh tionchar acu ar chultúr saibhir atá i bpáirt fós ag an dá thír seo. Cultúr inar cuireadh béim riamh anall ar fháiltiú roimh thaistealaithe agus slán a fhógáil acu go fonnmhar mar chairde nua.

Sugarloaf,
Co. Chill Mhantáin

BEALAÍ NA GCEILTEACH: ÁR SAMHAIL BHRANDA

Is é an smaoineamh branda a leanas atá i gcoilár shamhail Bhealaí na gCeilteach: Aimsigh an spiorad Ceilteach.

Sin an smaoineamh foriomlán a thugann gach rud le chéile, ach ní uas-cheannlíne é agus ní bheidh sé le feiceáil choíche ar ár láithreán gréasáin nó i mbróisiúr (seachas anseo!). Is é a spreagfaidh ár gcumarsáid uile, áfach.

Is iad na luachanna branda a thacaíonn leis an smaoineamh branda, is é sin, na téamaí a thiocfaidh aníos arís agus arís eile, agus a threoróidh gníomhaíocht mhargaíochta uile Bhealaí na gCeilteach, chomh maith le haon tionscnaimh maidir le forbairt táirgí.




Wildfowl Reserve, Co. Loch Garman

Déanann na heispéiris bhranda na rudaí a leagan amach is gá do Bhealaí na gCeilteach a chur ar fáil do chuairteoirí. Cabhraíonn siad sin linn na táirgí a roghnú is fearr a oireann d'fhorbairt leantach Bhealaí na gCeilteach.

LUACHANNA

SONRAÍ

AN TAITHÍ



BEALAÍ NA GCEILTEACH TUIN CHAINTE

Is gá dár gcur chuige i leith teanga agus teachtaireachtaí, agus dár dtuin chainte, dul i bhfeidhm ar an taiscéalaí atá ionainn uile. Táimid ag iarraidh daoine a mhealladh agus a spéis a mhúscailt. Ní foláir go léireodh ár bpearsantacht a bpearsantacht siúd suas go pointe – tuin chainte agus stíl a tharraingeoidh taiscéalaithe agus a ghríosóidh iad.

Is iad colúin an bhranda atá ina spreagadh dár dtuin chainte agus dár stíl.

Seo a leanas, mar sin, ár luachanna tonúla: Comhaimseartha, Faisnéiseach, Fíor, Mistiúil agus Mealltach.

COMHAIMSEARHTHA

Is eispéireas turasóireachta nua é Bealaí na gCeilteach, a nochtfaidh an cultúr Ceilteach do lucht spéise nua. Dar ndóigh, cuimseofar leis stair shuibhir Cheilteach na sé chontae seo, ach anuas air sin, táthar ag súil go gcuirfidh sé beocht san oidhreacht Cheilteach agus an tionchar a bhí aici ar an gcaoi a bhfuilimid anois agus an chaoi a mairfimid amach anseo.

FAISNÉISEACH

Is eispéireas taistil saincheaptha é Bealaí na gCeilteach. Is é sin, táimid ag iarraidh go ndéanfadh taistealaithe iad féin é a fhionnachtaineadh, ach ní mór dúinn iad a threorú sa treo ceart.

FÍOR

Is daoine stuama iad na Ceiltigh. Fíor-dhaoine oscailte agus macánta. Is iad sean-luachanna Ceilteacha na dílseachta, na córa agus na crógachta is soiléire a chuireann na dea-thréithe sin ar taispeáint. Ní mór go gcuirfeadh branda Bhealaí na gCeilteach an fhírinn in iúl, nach n-úsáidfadh sé teanga gháifeach agus nach ndéanfadh sé áibhéil. Ligimis d'iontas nádúrtha Bhealaí na gCeilteach an chaint ar fad a dhéanamh.

MISTIÚIL

Ba dhaoine spioradálta iad na Ceiltigh. B'ollmhór an meas a bhí acu ar a dtimpeallacht nádúrtha. D'adhair siad déithe na talún, na farraige agus na spéire. Is gá do bhranda Bhealaí na gCeilteach teacht i dtír ar an ngné spioradálta seo, scéalta na miotas agus na bhfinscéalta a bhaineann leis an gcuid sin den domhan a insint agus na cuairteoirí a ghríosú chun iad féin a thumadh sna tailte draíochtacha seo.

MEALLTACH


Gné mhór d'eispéireas Bhealaí na gCeilteach ná bualadh leis na Ceiltigh. Ba cheart go gcuirfí ár mbranda in iúl ar an gcaoi chéanna a chuireann na daoine sin iad féin in iúl. Scéalaithe ó nádúr a bhfuil tuin chainte Cheilteach acu. Ní mór dúinn tuin chainte ghnaíúil nádúrtha a chothú, agus áit ar féidir, níor mhiste dúinn stíl chomhráiteach

a ghlacadh, a chruthóidh an mothú go bhfuilimid ag insint scéalta go díreach don léitheoir seachas ag caitheamh amach na sean-nathanna turasóireachta i gnách do dhaoine a chloisteáil.

Llyn y Fan,
Carmarthenshire

BEALAÍ NA GCEILTEACH

LÉARSCÁIL



BEALAÍ NA GCEILTEACH RABHCHÁIN

D'fhéadfadh taitneamhacht, gníomhaíocht, eispéireas nó imeacht a bheith i gceist le 'rabhchán', ach ba cheart go gcomhlíonfadh sé 5 cinn de na critéir seo a leanas:

- Is féidir tú féin a thumadh ann
- Baineann sé leis an talamh, an fharraige nó an dúlra
- Insíonn sé scéal áite
- Insíonn sé scéal Ceilteach
- Tá stair nó oidhreacht ag baint leis
- Tá sé iontaofa
- Cuireann sé leis an stair
- Nascann sé an Bhreatain Bheag agus Éirinn

Is iad na Rabhcháin Cheilteacha na háiteanna ina bhfaighidh tú na radhairc, na fuaimeanna agus na scéalta a raibh tionchar acu ar ár n-áiteanna sa domhan. Nochtfaidh gach Rabhchán léargas ar phointe áirithe inár stair, bíodh sin 2,000 bliain ó shin, 200 bliain ó shin nó pointe a tharla le cuimhne na ndaoine. Ach de réir mar a chuireann tú cnámha na scéalta sin le chéile, tiocfaidh pictiúr iomlán chun solais diadid ar ndiaidh, a thabharfaidh léargas ar na réigiúin agus na daoine atá ionainn anois - agus a bheidh ionainn amach anseo.

Gan dabht, is iad seoda ár ngnó turasóireachta cuid de na háiteanna sin. Ach an-chuid díobh, ní aimseoidh tú iad ach amháin má ghabhann tú as an mbealach, má chasann tú as an córas GPS agus má ghníomhaíonn tú de réir d'instinní ó dhúchas (agus léarscáil den sean-chineál agat b'fhéidir). Mar dá fhaide as an mbealach a théann tú is ea is fearr aithne a chuirfidh tú orainn. B'fhéidir go mbeadh Bealaí na gCeilteach de do chuid féin á ndearadh agat féin ar deireadh thiar.

Glendalough,
Co. Chill Mhantáin

SAMPLAÍ DE RABHCHÁIN

LLYN Y FAN FACH AGUS NA BRECON BEACONS CARMARTHENSHIRE

Feicfidh tú loch oighreach álainn Llyn y Fan Fach ar an taobh thiar de Pháirc Náisiúnta Bannau Brycheiniog. Tá baint ag an loch úd le finscéal 'Bhantiarna an Locha' ón14ú haois. Sa scéal seo, pósann feirmeoir óg bean álainn a tháinig aníos ón loch agus tugann gealltanais di nach mbuailfeadh sé 3 huairé í. Tar éis dó í a bhualadh 3 huairé (bíodh is nach raibh fearg air riamh), filleann sí ar an loch. Tagann sí ar ais ar feadh tamaillín chun chomhairle a chur ar a mic, a théann ar aghaidh chun bheith ina ndochtúirí. 'Lianna Myddfai' a dtugtar orthu inniu.

Faoi bhun na gcnoic tá an baile gleoite margaidh Llandovery. Is ansin a fheicfidh tú dealbh de Llywelyn ap Gruffydd Fychan, atá déanta as cruach dhosmálta agus atá 5 mhéadar ar airde. Chuir Henry IV 'Braveheart' na Breataine Bige, mar a thugtaí air, chun báis anseo toisc gur thacaigh sé le Owain Glyndŵr.

ABERYSTWYTH CEREDIGION

Ciallaíonn Aberystwyth 'Béal abhainn Ystwyth' agus 'Aber' a thugtar mar ainm ceana air; tá maíomh bailí aige gurb é príomhionad Ceilteach an chultúir sa Bhreatain Bheag. Is baile ollscoile é, ina bhfuil Leabharlann Náisiúnta na Breataine Bige, atá suite i bhfoirgneamh iontach a bhfuil radharc uaidh amach ar bhá an bhaile, dún cnoic agus fothrach caisleáin. Tá Ionad Ardléinn na Breatnaise agus an Léann Cheiltigh suite sa choimpléasc freisin, agus bíonn taispeántais, cainteanna agus cuairteanna á dtairiscint le gur féidir le daoine amharc ar na cartlanna agus bailiúcháin iomadúla. Is é Ionad Ealaíon Aberystwyth an lárphointe ina gcuirtear an teanga Breatnaise agus an cultúr idirnáisiúnta comhaimseartha ar taispeáint i ngach cineál ealaíne, ina measc drámaí, damhsa, ceol, na hamharcealaíona, scéalaíocht agus coiméide.

SEOMRA ADHLACTHA PENTRE IFAN PEMBROKESHIRE

Tá seomra adhlactha Pentre Ifan, in aice le Casnewydd (Sir Benfro) tógtha de na Clocha Gorma céanna ó Preseli a úsáideadh ina 'dheartháir mór' ag Stonehenge agus tá an rúndacht chéanna ag baint leo araon maidir lena bhfíorchuspóir. Meastar go coitianta gur seomra adhlactha comhroinnte é, ach ní bhfuarthas aon rian de chnámha anseo riamh. Dála teoirice eile, is leagan níos casta é de ghallán, agus ní raibh i gceist ag na tógálaithe ach a gcuid scileanna a thaispeáint. Cibé freagra atá fíor, níl dabht ar bith ach gur eiseamláir iontach é Pentre Ifan de na modhanna tógála a bhíodh acu fadó. Tá an leac mhullaigh ollmhór 5 mhéadar ar fad, tá 15 thonna inti agus tá sí ina luí ar forbhas ar thrí ghallán le breis agus 5,000 bliain.

GEOPHÁIRC CHÓSTA AN CHOPAIR UNESCO CO. LOCH GARMAN

Fuair Cósta an Chopair a ainm ó na mianaigh ollmhóra a bhíodh ag oibriú sa cheantar i rith an-naoú haois déag, óna bhfuil oidhreacht seandálaíochta agus chultúrtha den scoth tagtha slán chugainn. Síneann sé thart ar 17km ó Chill Fhearghasa thoir chomh fada leis an Sráidbhaile thiar, agus ainmníodh é mar gheopháirc dhomhanda UNESCO in 2004. Is fianaise iad a chlocha agus a gheolláithreáin den ról a bhí ag bolcáin faoin bhfarraige, fásaigh agus oighearchlúideacha i gcruthú na tírdhreach a fheiceann tú inniu. Is cuntas é an scéal daonna ar an nasc dochloíte a bhí ag muintir an réigiúin leis na tírdhreacha úd ón seansaol go dtí an lá atá inniu ann.



Pentre Ifan Burial Chamber,
Pembrokeshire


SAMPLAÍ DE RABHCHÁIN

PÁIRC NÁISIÚNTA OIDHREACHTA NA HÉIREANN CO. LOCH GARMAN

Cén chaoi is fearr le hoidhreacht na hÉireann a aimsiú ná tú féin a thumadh sna radhairc, sna fuaimeanna agus sna scéalta a chuaigh i gcion ar an náisiún? Tá Páirc Náisiúnta Oidhreachta na hÉireann suite in 40 acra de choillearnach aerga díreach lasmuigh de bhaile Loch Garman, agus cuireann sí deis faoi leith ar fáil chun léargas a fháil ar bhreis is 9,000 bliain de stair na hÉireann. Taistil trí Éirinn réamhstairiúil, trí Éirinn na luath-Chríostaíochta agus trí ré ionsaithe na Lochlannach agus, níos déanaí, na Normannach. Féach thart ar fhoirgnimh agus lonnaíochtaí a athchruthaíodh go cúramach, chun léargas a fháil ar an gcaoi ar mhair, ar oibrigh agus ar throid na daoine is luaithe a lonnaigh in Éirinn. Téigh ar thóir foráiste amhail is dá mba fheirmeoir réamhstairiúil thú; caith tua amhail is dá mba Lochlannach thú, nó caith oíche i lios meánaoiseach fiú.

CUAN AN BHRÍOTÁIS CO. CHILL MHANTÁIN

Is é Three Mile Water ag Cuan an Bhriotáis ceann de na stráicí cósta is áille ar an gcósta thoir, agus meastar gur ansin a thuirling Naomh Pádraig in Éirinn ar dtús. In éagmais cinn tíre a chuirfeadh isteach ar rithim shéimh na dtionnta ag briseadh ar an ngaineamh, is stráice 5km iontach é seo má theastaíonn uait snámh, seoltóireacht a dhéanamh, nó siúl. Is é Bá an Bhriotáis áit súgartha an dúlra do pháistí i gcaitheamh na sé seachtaine samhraidh, agus is féidir leo rás a thabhairt trí na dumhcha nó go dtagann siad amach ar an trá. Ach an chuid eile den bhliain, is láthair den scoth í an trá don suaimhneas manaigh agus don mhachnamh den chuid is mó.



Brittas Bay,
Co. Chill Mhantáin

BEALAÍ NA GCEILTEACH POINTÍ AMA

Is iad na 'Pointí Ama' a chuireann eispéireas Bhealaí na gCeilteach ar taispeáint dáiríre. Tá áiteanna agus amanna áirithe ann ina mbíonn an nasc leis an am atá thart, an talamh agus an spiorad níos láidre. Is mian linn na pointí ama sin a roinnt le cuairteoirí féideartha. Ba cheart go n-áireofaí le pointí ama láthair ar leith nó am ar leith den lá/bliain, ionas go mbeidh a fhios ag cuairteoirí go bhfuil buaicphointe an spioraid Cheiltigh á mhothú acu.

Is bealach iad na Pointí Ama Ceilteacha le druidim níos gaire dár gcultúr Ceilteach, trí tú féin a thumadh sa domhan ina mbíodh na Ceiltigh ina gcónaí – agus ina bhfuil fós. B'fhéidir go seasfa ar bharr dhroim sléibhe a bhfuil an chuma chéanna air is bhí nuair a sheas ár sinsir air 2,000 bliain ó shin. B'fhéidir go n-áireofaí taibhse páiste atá ag caoineadh, agus tú ag éisteacht le scéalta faoin mbrúidiúlacht a d'fhulaing na príosúnaigh i ngabhann ón 18ú haois. Nó b'fhéidir go rachfa chuig bréag-shochraid éisc in éineacht le muintir an bhaile chun deireadh séasúr iascaireachta rathúil eile a cheiliúradh.

Cuirfidh na pointí ama sin ar do chumas, ní amháin a thuiscint cad atá i gceist le bheith páirteach inár gcultúr Ceilteach, ach é sin a mhothú freisin.

Castell Henllys,
Pembrokeshire

SAMPLAÍ DE PHOINTÍ AMA

TÓRAÍOCHT BIA AG FERRYSIDE CARMARTHENSHIRE

Bhí dáimh spioradálta ag na Ceiltigh leis an saol nádúrtha agus chreid siad gur fhoinsé leighis agus ghlanta, bia agus rachmais í an fharraige. Cén bealach is fearr, mar sin, le tú féin a thumadh sa saol sin ach trí dhul ar thóir foráiste? Bíodh eispéireas foráiste agat feadh chósta Carmarthenshire, áit a bhfoghlaimeoidh tú conas piardáin, muslaí agus ruacain a aimsiú, mar aon le lus na gloine, siní bó leid agus cuachfhungais scarlóideacha. An cúiteamh ar d'íarrachtaí ná do shainlón orgánach féin ar an trá, saor go hiomlán ó dhramhaíl.

Ba shráidbhaile iascaireachta é Ferryside tráth, agus cé go bhfuil an tionscal tar éis dul in éag ó shin, bíonn rocadh agus iascaireacht trí eangacha saighne fós ar siúl. Níos faide ar siúl ón sráidbhaile, is féidir an cósta a leanúint i ngach aon treo, chomh fada le sráidbhaile 'caillte' St. Ishmael ó dheas nó fiadhúlra an réisc ó thuaidh. In 2018, nasc an tseirbhís farantóireachta nua ag Glansteffan sráidbhaile Ferryside le sráidbhaile Llansteffan den chéad uair in 60 bliain.

FÉILE MURLAS ABERAERON CEREDIGION

Ní féidir go bhfuil mórán féilte ann ina bhfuil sochraid mar bhuaicphointe an chomórtha. Agus ní móide go bhfuil aon chinn ann ar chor ar bith ina bhfuil an tsochraid sin á cur ar siúl le haghaidh iasc 20 troigh ar fhad atá déanta as páipéar maché. Ach sin díreach an chaoi a gceiliúránn muintir an bhaile álainn Aberaeron ag deireadh shéasúr na murlas go déanach i mí Lúnasa gach bliain. Is ar an dóigh sin a ghabhann siad buíochas as flúirse leantach an 'scomber scombrus' – an murlas simplí – a thagann ar ais gan teip gach samhradh chun bia agus ioncam a sholáthar, agus a thugann filleadh na ndeilfeanna ar Bhá Cardigan le fios.

I gcoitinne, seo an clár ama don lá. Tagann an cortège le chéile lasmuigh den Óstán Harbourmaster – agus samhail ollmhór de mhurlas in éineacht leo, an tsamhail á hiompar ag 6 iompróirí. Iarrtar ar shochraidigh an tsochraid a leanúint tríd an mbaile chuig Club Luamhaireachta Aberaeron, áit a dtugann an t-urramach beannacht uaidh. Bíonn an gnáth-thórramh ann ina dhiaidh sin (beárbaiciú, ceol beo agus beár flaithiúil) agus nuair atá an ghrian ag dul faoi, iompraítear ár murlas ionúine chuig an trá agus créamtar é.

ARDEAGLAIS NAOMH DAITHÍ PEMBROKESHIRE

An sainchomhartha is mó ar an bpointe is faide siar de leithinis Pembrokeshire ná cathair agus ardeaglais Naomh Daithí. Is san ardeaglais atá uaigh Naomh Daithí, naomhphátrún na Breataine Bige, nó 'Dewi Sant' sa Bhreatnais, agus tá an ardeaglais ina láthair naofachta agus oilithreachta le breis is 800 bliain anuas. I ré na meánaoise, bhíodh sé ráite gurbh ionann dhá oilithreachta chuig Naomh Daithí agus aon cheann amháin chuig an Róimh.

Tá eaglais an lae atá inniu ann suite ar láithreán na mainistreach 6ú haois a bhunaigh Naomh Daithí chun na misinéirí a theagasc le go scaipfidís an Chríostaíocht. Ceaptar gurbh é Naomh Pádraig duine de na misinéirí úd. De réir mar a bhí Naomh Daithí ag tarraingt dea-cháil air féin, d'fhás a mhainistir agus thosaigh pobal ag forbairt. Ar an drochuair, tharraing sin aird na Lochlannach freisin, agus is amhlaidh a rinne siad creachadh ar an mainistir go minic ó shin i leith. Sa deireadh thiar thall, ba iad na Normannaigh a ghlac céannas na mainistreach, agus thosaigh siadsan ag tógáil na heaglaise reatha in 1181. Tá an eaglais fós ann, d'ainneoin titim a túir, crith talún agus an Reifirméisín, agus is díol iontais agus spreagtha í do chuariteoirí go fóill, fiú agus 800 bliain imithe thart.

NAOMH DÉAGLÁN AGUS AIRD MHÓR CO. PORT LÁIRGE

Sa 5ú haois, tháinig Naomh Déaglán ar shráidbhaile na hAirde Móire – deirtear go raibh sé treoraithe ansin ag cloch a bhí á hiompar ar na tonnta – agus bhunaigh sé mainistir. Is iad fothracha na háite sin an lonnaíocht Chríostaí is sine in Éirinn. Sa lá atá inniu ann, tá roinnt iarsmaí fágtha dá chathair mhainistreach.

Tá aireagal ón 8ú haois ann a gcreidtear go bhfuil an naomh curtha ann, mar aon le túr cruinn ón 12ú haois atá 29m ar airde, a bhí mar chloigtheach agus mar áit dídine. Tá ardeaglais ón 12ú haois ann freisin, a bhfuil stuaraí Rómhánúla inti, ar a bhfuil fíoracha a léiríonn radhairc ón Sean-Tiomna agus ón Tiomna Nua araon – rud atá an-neamhchoitianta in Éirinn. Taobh istigh den ardeaglais tá dhá chloch Ogham – an fhoirm scríbhneoireachta is luaithe in Éirinn.

Is fiú go mór tabhairt faoin tsiúlóid aille 4km chuig Tobar Naomh Déaglán, áit a bhfuil ómós tugtha ag oilithrigh leis na céadta bliain ar an 24 Iúil, lá féile an naoimh; tosaíonn an tsiúlóid sa sráidbhaile agus críochnaíonn sé ann.

Ardmore,
Co. Phort Láirge

SAMPLAÍ DE PHOINTÍ AMA

MÍOLTA MÓRA AG LÉIM AS AN UISCE AG RINN DUÁIN CO. LOCH GARMAN

Tosaítear ag faire amach do na míolta móra amach ó Leithinis Rinn Duáin i mí na Samhna. Tuairiscíodh i ngeimhreadh 2010 go bhfacthas míolta móra eiteacha agus míol mór dronnach amach ó Rinn Duáin. Cúis áthais é go bhfuil na míolta móra tar éis filleadh gach bliain ó shin agus tá baint ar leith ag an míol mór dronnach lenár gceantar. Is ionad féachana breá é an bhalcóin dhearg ag barr Theach Solais Rinn Duáin má bhíonn péire déshúiligh agat, agus is féidir leat a bheith níos gaire dóibh ach dul ar thuras cairtfhostaithe ar bhád faire míolta móra.

Tá míolta móra dronnacha i measc na n-ainmhithe is mó ar domhan, agus bíonn siad suas le 16 méadar ar fhad agus suas le 40 tonna de mheáchan iontu nuair atá siad fásta. Tá sé faighte amach le déanaí ag saineolaithe gurb iad oileáin Cape Verde áit phórúcháin na míolta móra dronnacha 'Éireannacha'. Ciallaíonn sé sin go dtaistealaíonn siad beagnach 5,000km gach bliain, trí chuid de na lánaí loingseoireachta is gnóthaí ar domhan, chun ár dtailte beathaithe saibhre a bhaint amach. Agus i bhfianaise an mhéid sin, is mó ar fad an t-iontas dúinn é, míol mór a fheiceáil ag léim as farraige na hÉireann.

SIÚL FEADH SHLÍ CHILL MHANTÁIN CO. CHILL MHANTÁIN

Tá Contae Chill Mhantáin – ar a dtugtar Gairdín na hÉireann – suite díreach ó dheas de Bhaile Átha Cliath, agus is stráice fairsing fiáin é de chósta, coillearnach agus sléibhte maorga, a ritheann an cosán siúil is mó éilimh sa tír tríd. Is é Bealach Chill Mhantáin an rian marcáilte is sine in Éirinn. Ba é an siúlóir cáiliúil cnoc, J.B. Malone, a cheap an plean agus osclaíodh é in 1980. Tosaíonn Slí Chill Mhantáin i mbruachbhaile theas Bhaile Átha Cliath, Ráth Fearnáin, agus lúbann is casann sé ansin thar ardtailte Bhaile Átha Cliath agus Chill Mhantáin. Treoraíonn sé thú ansin trí thalamh réchnocach droimneach lardheisceart Chontae Chill Mhantáin, sula gcríochnaíonn sé i sráidbhaile beag, Cluain na nGall, ag teorainn Chontaetha Chill Mhantáin agus Cheatharlach 127km ar shiúl ó thosach na slí. In áiteanna, is eispéireas éagsúil agus dúshlánach atá sa mheascán seo de thalamh páirce bruachbhaile, conairí foraoise, cosáin sléibhe agus tuath shléibhtiúil, agus maireann sé idir 7 agus 10 lá. Ar na hiontais a fheicfidh tú ar an mbealach, beidh lochanna áille, gairdíní iontacha, tithe móra galánta ón 18ú haois agus fothracha lonnáochocht mainistreach luath-Chríostaí.



Hook Head,
Co. Loch Garman

BEALAÍ NA GCEILTEACH TÉAMAÍ

Cuirfidh Bealaí na gCeilteach réimse téamaí táirge chun cinn, a léireoidh láidreachtaí coiteanna na 6 chontaetha, lena n-áirítear: Eachtraí Ceilteacha, Oidhreacht Cheilteach, Tailte agus Farraigí Ceilteacha, Scéalta Ceilteacha, Áiteanna Ceilteacha agus Daoine Ceilteacha.

Aberystwyth,
Ceredigion

EACHTRAÍ CEILTEACHA

An t-eispéireas a mhair Ceiltigh na Breataine Bige agus na hÉireann, bhí sé le sonrú i dTrí Réimse: Spéir, Talamh agus Farraige.

Agus is áit súgartha d'eachtraíocht den scoth iad na réimsí úd:

SPÉIR

Cén áit is fearr le nasc spioradálta a lorg ach breathnú suas ar na réaltaí i Láithreán Fionnachtainte Spéire Dorcha?

TALAMH

Is é an sliabh an léiriú is airde de Réimse na Talún. Bíodh do rogha sliabhraon agat agus téigh ann ar thóir suaimhnis.

FARRAIGE

Seo an áit a dtagann na Trí Réimse uile le chéile, agus leigheas agus glanadh láidir in éineacht leo. Tabhair aghaidh ar an bhfarraige agus lig di d'anam a chiúnú.

Tar agus tum tú féin sna heilimintí a bhíodh á n-adhradh ag na Ceiltigh tráth.

Foel Eryr,
Pembrokeshire

SAMPLAÍ D'EACHTRAÍ CEILTEACHA

SURFÁIL AG TRÁ BORTH

CEREDIGION

Tá an cháil amuigh ar chósta na Breataine Bige as a láithreacha surfála den scoth, atá ar na cinn is fearr sa Ríocht Aontaithe, dar le go leor daoine. Is áit spreagúil, beagáinín fiáin é Borth le surfáil, a bhuí lena chúig chiliméadar de ghaineamh agus mhionduirling. Is fearr Borth nuair atá sé ina lán mara, go háirithe más lá garbh é agus oibriú thiar theas san fharraige. Coinnigh súil amach le haghaidh iarsmaí foraoise slogtha ársa Cantre'r Gwaelod – nuair a bhíonn lag trá ann, bíonn tú in ann amharc ar na stumpaí crainn agus an mhóin sheanda sa ghaineamh.



CONAIRÍ SIÚIL THINTEIRN

CO. LOCH GARMAN

Tosaíonn na 4 shiúlóid lúbtha seo ag ceann na conaire ag Mainistir Thinteirn, agus is féidir leat siúl trí mheascán de choillearnach chiúin agus bealaí cósta. Tógann na conairí idir 20 nóiméad agus 2 uair an chloig lena siúl, agus feicfidh tú cuid de bhuaicphointí Leithinis Rinn Duáin agus tú ar an mbealach: Mainistir Thinteirn, Gairdín Múrtha Colclough agus Sráidbhaile Mhuileann an tSáile. Ba cheart do dhaoine a bhfuil grá acu don bhfiadhúlra a bheith ag faire amach do chruidíní, éigrití, clamháin, ioraí rua agus sciatháin leathair ar na conairí intíre, agus d'éin mhara imirceacha amhail cadhain feadh an chósta.



OIDHREACHT CHEILTEACH

Tá nasc dochloíte idir an Bhreatain Bheag agus Éire, atá bunaithe ar a n-oidhreacht choiteann de chrosa ársa, fothracha eaglaise agus clocha beannaithe. Na himircigh as Éirinn a lonnigh sa Bhreatain Bheag sa 5ú haois, d'fhág siad a lorg i bhfoirm na gcloch Ogham a fheicimid fós feadh chósta na Breataine Bige inniu. Agus mar chúiteamh, bhronn an Bhreatain Bheag Naomh Pádraig ar Éirinn – de réir an tseanchais.

Tar chuig an gcearn seo den domhan chun léargas a fháil ar thionchar an tseansaoil ar an saol laethúil.

Gaeltacht na nDéise,
Co. Phort Láirge

SAMPLAÍ DEN CELTIC HERITAGE

MIANAIGH ÓIR DOLAUCOTHI CARMARTHENSHIRE

Cén páiste (nó aosach fiú) nár mhaith leis nó léi triail a bhaint as pannáil ag lorg óir? Sin ceann de na heispéiris atá á dtairiscint sna mianaigh óir seo, atá suite i nGleann álainn Cothi. Is thart ar 2,000 bliain ó shin a chuaigh na Rómhánaigh ar thóir an mhiotail luachmhair úd den chéad uair; ghearr siad taobhanna cnoc agus chuir siad aibhneacha ar atreo chun an taisce a nochtadh. Leanadh den mhianadóireacht go dtí 1938. Tabharfaidh turais treoraithe thú siar sna blianta chun blaiseadh a fháil de na coinníollacha oibre crua faoi thalamh sna hoibríochtaí Rómhánacha agus Victéoiriacha.



RÍ NA LOCHLANNACH CO. PHORT LÁIRGE

Tum tú féin níos doimhne ná riamh i saol na Lochlannach sa chathair is sine in Éirinn, Vádráfjord (Port Láirge). Is é an t-eispéireas réaltachta fíorúla, Rí na Lochlannach, an chéad cheann dá leithéid ar domhan, agus tabharfaidh sé siar thú 1,100 bliain nó go mbeidh tú os comhair cheannasaí finscéalach na Lochlannach, Reginald, an té a bhunaigh an chathair. Titeann an eachtra amach i dteach lámhdhéanta macasamhlach, ina bhfuil teicnící tógála tithe ársa na Lochlannach measctha go saoráideach le teicnící atá ar thús cadhnaíochta.



TAILTE AGUS FARRAIGÍ CEILTEACHA

'Is é croílár ár dtíre an Tríonóid
Dhoshéanta. Agraímid sibh Spéir agus
Talamh agus Muir.' Sliocht tógtha ó
Bheannacht Draoi Cheiltigh)

Chreid Ceiltigh an tseansaoil go raibh
eisint spioradálta ag plandaí,
ainmhithe agus fiú rudaí neamhbheo.
Mar sin, is ag maireachtáil i dtiúin leis
an dúlra a bhí siad. Agus tá an modh
maireachtála sin fós amhlaidh inniu.

Is mar a chéile nóch mór na codanna
seo den Bhreatain Bheag agus
d'Éirinn, agus gan ach an fharraige á
ndeighilt. Tá tránna fada gan
mhilleadh ina gcomharthaí sóirt den
dá imeallbhord, agus níos faide
isteach ón gcósta, tiocfaidh tú ar
thuath mhéith réchnocach, agus, i
bhfad romhat, sliabhraonta móra ag
ardú ina stuanna.

Tar anseo agus braith fórsa an
dúlra i ngach sliabh, abhainn,
cránn agus carraig.

Pendine,
Carmarthenshire


SAMPLAÍ DE NA TAILTE AGUS FARRAIGÍ CEILTEACHA

CNOIC PRESELI PEMBROKESHIRE

Téigh ag spaisteoireacht feadh conairí
ársa trí cheann de na tírdhreacha
seanda is meallacaí ar fad – chomh
draíochtach sin go dtugtar Gwlad Hud
a Lledrith air sa Bhreatnais, a
chiallaíonn 'Tír na Draíochta agus na
Geasa'. Tá stair shaibhir dhrámatúil ag
na Cnoic Preseli, go háirithe ós iad
foinse fhinscéalach na gCloch Gorm; is
iad na clocha sin atá san fháinne istigh
ag Stonehenge. Tá iarsmaí
réamhstairiúla, cairn adhlactha agus
dúnta ón Iarannaois suite anseo is
ansiúd ar fud an mhóintigh fhiáin, an
fhraochmhá agus an fhéarthalaimh.

DÚN MÓR CO. PHORT LÁIRGE

Is sráidbhaile iascaireachta beag
gleoite é Dún Mór, atá mar a bheadh
sé crochta ar chiumhais na haille, os
cionn roinnt mhaith cuas gainmheach
atá iontach go deo le haghaidh
snámha, snorclála, siúil nó do scíth a
ligean fiú. Tá an-tóir ar an áit seo i
measc mhuintir Phort Láirge, agus rud
amháin go háirithe is gnách le daoine
a dhéanamh ná siúl feadh na cé agus
breathnú ar chriúnna na mbád
iascaireachta, agus gabháil éisc an lae
á díluchtú acu. Má tá an t-ádh leat,
b'fhéidir go bhfeicfeá róna sa chuan
ag fanacht go gcaithfeadh iascaire
flaithiúil iasc isteach san uisce.



ÁITEANNA CEILTEACHA

Tógfaidh beagnach gach bóthar sa taobh seo tíre thú chuig seansaol na ndaoine fadó.

Siúil thart ag breathnú ar iarsmaí dhún larannaoise agus faigh léargas ar shaol laethúil na gCeilteach treibheach. Cuir d'ómós in iúl ag seomra adhlactha cloiche, a léiríonn creideamh na gCeilteach sa saol eile. Éist leis an bhfinscéal áitiúil faoi fhathach a chaith cloch Ogham le fána – agus féach le do dhá shúil féin ar na scríobthaí a d'fhág a ingne sa charraig. Siúil timpeall na cathracha mainistreach inar bhunaigh naoimh na lonnaíochtaí Críostaí is luaithe sa tír.

Taistil thart ag aimsiú na n-áiteanna agus na ndaoine a raibh tionchar acu ar chultúr na Breataine Bige agus Éirinn.



Hafod,
Ceredigion

SAMPLAÍ D'ÁITEANNA CEILTEACHA

KIDWELLY CARMARTHENSHIRE

Is é caisleán Normannach Kidwelly, atá suite ar bhruch Abhainn Gwendraeth, ceann de na samplaí is fearr a caomhnaíodh riamh sa Bhreatain Bheag. Bí ag faire amach i gcomhair na stuanna; fadó, bhíodh daoine in ann teacht aniar aduaidh ar an namhaid i bhfad thíos ach carraigeacha a chaitheamh anuas orthu trí na stuanna úd. Daoine a dtaitníonn Monty Python leo, aithneoidh siad an caisleán ón gcéad radharc de 'Monty Python and The Holy Grail'. Is é Canáil Kymer Kidwelly an chanáil is sine sa Bhreatain Bheag, agus tógadh in 1766 é. Tógadh an chéad lá riamh é chun gual a iompar ón mbaile, ach is tearmann fiadhúlra anois é ina bhfuil siúlóid thaitneamhach.



GLEANN ABHÓCA CILL MHANTÁIN

Smaoiníonn daoine ar thionscal na mianadóireachta copair nuair a luaitear an gleann seo, ach tharraing Thomas Moore clú agus cáil go deo air lena amhrán 'The Meeting of the Waters'. Is iad an Abhainn Mhór agus an Abhainn Bheag na huiscí atá i gceist, agus tagann siad le chéile timpeall 2 mhíle ó shráidbhaile Abhóca. Is ansin atá tús na conaire réidhe feadh íochtar an ghleanna. Chomh maith le cáil a thuilleamh toisc gur cuireadh tús le tionscal fíodóireachta ann ba é Abhóca a roghnaíodh mar sráidbhaile ficin do shraith scannán teilifíse an BBC, Ballykissangel, sna 90idí.



SCÉALTA CEILTEACHA

Tamall fada ó shin, bhí lámh in uachtar ag na Ceiltigh ar chodanna móra den Eoraip – ó Éirinn agus an Bhreatain Mhór san iarthar chuig an Tuirc san oirthear. Is ó bhéal go béal a scaip siad a scéalta bríomhara faoi eachtraíocht, crógacht, rómánsaíocht agus draíocht. Ansin rinne na Rómhánaigh ionradh agus de réir mar a d'fhás a n-impireacht, cailleadh an-chuid den mhiotaseolaíocht Cheilteach sin go deo. Ach choinnigh muidne, Ceiltigh na Breataine Bige agus Éireann, ár dtraidisiúin beo, agus a bhuí le hiarrachtaí na manach cliste a bhreac síos na scéalta, tháinig ár mhiotaseolaíocht slán chugainn.

Tar anall agus éist lenár scéalta, ar an gcaoi Cheilteach. Aghaidh ar aghaidh - agus go hidéalach, mar shlua bailithe timpeall craos tine.

National Heritage
Park, Co. Loch Garman


SAMPLAÍ DE SCÉALTA CEILTEACHA

DROICHEAD AN DIABHAIL CEREDIGION

Síneann trí dhroichead ar leith thar easanna 90m Abhainn Mynach – tógadh iad os cionn a chéile idir an 11ú agus an 19ú haois. De réir an fhinscéil, thóg an Diabhal féin an droichead bunaidh mar gur obair ró-dheacair a bheadh ann do dhaoine daonna. D'aontaigh sé an droichead a thógáil mar mhalairt ar anam an chéad duine a thrasnódh an droichead. Mar sin féin, bhuail seanbhean ghlic bob air agus díbríodh ón tír é go deo.

CLOCHA AN PHÍOBAIRE CO. CHILL MHANTÁIN

Tá an liagchiorcal Cré-umhaoise seo suite ar thulach ag Áth Gréine. Tá sé comhdhéanta de 16 bhollán eibhir; tá cloch amháin níos mó ina luí taobh amuigh – an píobaire – agus tá na clocha beaga atá fágtha i bhfoirm ciorcail de thart ar 22 méadar ar trastomhas. Is iad sin na rinceoirí. Más fíor do shíscéal áitiúil, bhí de dhánacht ag an ngrúpa ragairneálaithe seo damhsa i dtiúin le ceol an phíobaire ar an tSabóid go dtí gur thiontaigh Dia iad ar fad ina gclocha mar phionós.



DAOINE CEILTEACHA

Ba ghaiscígh scáfara iad na Ceiltigh, bíodh is gur ar an bpáirc rugbaí amháin a théimid chun troda na laethanta seo. Ach fearacht ár sinsear, is mór an taitneamh a bhainimid freisin as bua a cheiliúradh, agus nuair a tharlaíonn sin, tugtar cuireadh do gach duine. D'fhéadfaimis bualadh le chéile mar strainséirí ach fágfaimid slán ag a chéile mar chairde.

Is cuma cén taobh den uisce ar a bhfuil tú, tabharfaidh tú faoi deara go gcuirimid cor binn dár gcuid féin sa chaoi a labhraímid, agus muid ag insint scéalta faoi naoimh agus pheacaithe i mBéarla, Breatnais nó Gaeilge.

Breathnaigh ar an gcaoi a bhfuilimid nasctha le chéile trí fhuil ársa, d'ainneoin a bheith deighilte ag an bhfarraige.



Annestown Beach,
Co. Phort Láirge

SAMPLAÍ DE DHAOINE CEILTEACHA

CASTELL HENLLYS PEMBROKESHIRE

Aon áit a dtéann daoine, fágann siad a lorg. Níorbh aon eisceacht iad muintir Pembrokeshire Thuaidh, a d'fhág 8 láithreán réamhstairiúla ar a laghad ina ndiaidh sa cheantar. Is é Castell Henllys an t-aon sráidbhaile larannaoise sa Bhreatain a atógadh sa láithreán ceannann céanna inar mhair ár sinsir Cheilteacha 2,000 bliain ó shin. Má théann tú ar an gconair chosnochta trí ghairbhéal breochloiche, cré ag glugarnach agus stumpaí crainn, beidh lorg na treibhe Demetae á leanúint agat, go litriúil.



SLÍ NA NORMANNACH CO. LOCH GARMAN

In 1169, thug Diarmuid MacMurrough, a rabhthas díreach tar éis é a dhíbirt mar Rí Laighean, ridirí Normannacha chuig Éirinn chun cabhrú leis a ríocht a aisghabháil. Leaindeáil na fórsaí sin i dtús báire ag Cuan Bhannú. Tar éis bhás MacMurrough, ba é an ridire Normannach Richard de Clare – 'Strongbow' – a bhí ina cheannaire de facto ar Chúige Laighean, agus ina dhiaidh sin, ba é an chaoi nár fhág na Normannaigh Éirinn arís dáiríre. Taistil feadh Shlí na Normannach nó go bhfeicfidh tú an tionchar a bhí ag a modh maireachtála ar Éirinn agus an chaoi ar athraigh an tír dá bharr.



BEALAÍ NA GCEILTEACH A CHUR CHUN CINN

Déanfar iarracht mhór mhargaíochta agus bolscaireachta, a bheidh go mór chun tairbhe Bhealaí na gCeilteach.

Ar na gníomhaíochtaí beartaithe, beidh feachtas fógraíochta digitéil mór, a dhíreoidh go sáinúil ar thaistealaithe féideartha inár sprioc-mhargai, an Ríocht Aontaithe, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Ghearmáin, an Fhrainc agus an Ísiltír. Beidh an-chuid fógraíochta lasmuigh den bhaile ar taispeáint in aerfoirt Caerdydd, Bhaile Átha Cliath agus Bhriostó, agus i láithreáin roghnaithe eile de réir mar a bhíonn daoine ag taisteal chuig an mBreatain Bheag agus Éirinn.

Beidh láithreacht ag Bealaí na gCeilteach ag taispeántais taistil náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus beidh faisnéis faoi i bhfoilseacháin taistil ardphróifíle roghnaithe freisin, lena n-áirítear forlónadh taistil 'The Times', an iris 'Visit Britain', iris eitlete Aer Lingus, 'Discover Britain' agus foilseacháin roghnaithe Ghearmáinise, Fhraincise agus Ísiltírise.

Mar thacaíocht don mhéid sin ar fad, reáchtálfar feachtas Caidrimh Phoiblí, a chuirfidh ainm Bhealaí na gCeilteach in airde inár sprioc-mhargai.

Coinnigh súil ar ár gcainéil mheán sóisialta agus ar rannán trádála láithreán gréasáin Bhealaí na gCeilteach chun faisnéis a fháil faoin gcaoi ar féidir leat a bheith rannpháirteach in iarrachtaí bolscaireachta agus caidrimh phoiblí Bhealaí na gCeilteach. Tá do chabhair ag teastáil uainn, agus ba mhaith linn go mbainfeá féin tairbhe as an bhfeachtas suntasach seo.

Bí rannpháirteach le do thoil.

Bray Head Cliff Walk,
Co. Chill Mhantáin

BÍMIS PRAITICIÚIL PETHAU BYCHAIN

I dtéarmaí praiticiúla, tá neart rudaí is féidir leat a dhéanamh chun bheith rannpháirteach.

Beimid ag obair go dian i ndlúthpháirt le gnóthais ar fud na 6 chontae chun saineispéiris Cheilteacha a chruthú agus a chur chun cinn. Ach ná bí ag ceapadh gur tionscnaimh mhóra atá i gceist leis sin, a dteastaíonn buiséad margaíochta ollmhór agus foireann speisialtóirí digiteacha lena n-aghaidh.

Ar na hachainí deireanacha uaidh dá lucht leanúna, dúirt naomhphátrún na Breataine Bige, Naomh Daithí:

“Gwnewch y pethau bychain mewn bywyd” – “Bí ag déanamh na rudaí beaga sa saol seo”

Is iomaí duine a mhaireann de réir an phrionsabail sin fós féin. Agus ar an gcaoi chéanna, ba mhaith linn gnóthais a spreagadh le tionscnaimh bheaga áitiúla a fhorbairt chun eispéireas Bhealaí na gCeilteach a fheabhsú, mar is beag an ní nach cuidiú é i dtreo na haidhme a bhaint amach. Cuir do shamhlaíocht ag obair, agus do léamh féin á chur agat ar Bhealaí na gCeilteach, tá na mílte bliain ann le hinspioráid a thabhairt duit.

SEO ROINNT SMAOINTE A CHUIRFIDH AR AN MBEALACH CEART THÚ...

- Téigh i dtaithí ar roinnt siúlóidí agus conairí cósta agus tuaithe áitiúla – agus cuir eolas fúthu ar fáil do chuairteoirí
- Téigh ag caint le soláthraithe áitiúla gníomhaíochtaí faoi phacáistí ina bhfuil gach rud san áireamh nó lascaí speisialta a thairiscint
- Bí ag lorg cumas faoi cheilt i do ghnóthas féin. An bhfuil aon cheoltóirí, amhránaithe nó rincoirí ar d'fhoireann, nó daoine a bhfuil dúspéis acu san fhiadhúlra nó sa stair áitiúil? An bhféadfáis taispeántas nó cainteanna a thabhairt uathu do do chuairteoirí?
- Gríosáigh do chuairteoirí le dul ag fámaireacht timpeall an cheantair gan gluaisteán, de shiúl na gcos, ar rothar nó ar iompar poiblí más féidir. Cuir faisnéis ar taispeánt, mór shampla, léarscáileanna ar a dtaispeántar conairí áitiúla, cuideachtaí rothar ar cíos agus amchláir bhus
- Foghlaim cuid de na miotais agus na finscéalta a bhaineann le do cheantar. Smaoinigh ar chuid díobh a bhreacadh síos agus a phriontáil le go mbeadh do chuairteoirí in ann iad a léamh. D'fhéadfá roinnt cóipeanna de scéalta Ceilteacha a thaispeánt in ionad nuachtán (seans go mbeadh na scéalta sin níos iontaofa!)
- Cuir am i leataobh chun cuairt a thabhairt ar chuid de na láithreáin oidhreachtacha i do cheantar áitiúil. Ansin beidh tú in ann iad a mholadh do chuairteoirí ar bhonn taithí phearsanta
- Tá a dteangacha ársa áille féin ag an mBreatain Bheag agus Éirinn araon, agus má spreagann tú cuairteoirí le cúpla focal de na teangacha sin a fhoghlaim i rith a gcuarite, dá bhunúsai iad, mothóidh siad go bhfuil dáimh cheart acu leis an áit agus leis na daoine
- Téigh chun cainte le healaíontóirí áitiúla a mbíonn tionchar ag ealaín Cheilteach nó tírdhreacha áitiúla ar a saothar. B'fhéidir go mbeidís sásta roinnt saothar a thabhairt duit lena gcur ar taispeánt i do láthair oibre, agus mar mhalairt, d'fhéadfá limistéar beag a thabhairt dóibh inar féidir leo míreanna a chur ar díol do chuairteoirí
- An bhfuil aon íomhánna agat a oireann go maith le branda agus téamaí Bhealaí na gCeilteach? Tírdhreacha, cósta, dúlra, oidhreacht, gníomhaíochtaí, daoine srl. Ní theastaíonn grianghrafadóireacht chostasach, is féidir torthaí iontacha a bhaint amach le d'fhón cliste nó ceamara digiteach

Pumlumon,
Ceredigion

SÓCMHAINNÍ BRANDA BHEALAÍ NA GCEILTEACH

Tá comhpháirtíocht Bhealaí na gCeilteach tar éis sraith sócmhainní branda a chruthú ar féidir leat é a úsáid chun do rannpháirtíocht i dtionscnamh Bhealaí na gCeilteach a chur chun cinn.

GRIANGHRAFADÓIREACHT

Tá bailiúchán iontach Rabhchán, Pointí Ama agus Fionnachtana Bhealaí na gCeilteach ar fáil duit le do rannpháirtíocht i dtionscnamh Bhealaí na gCeilteach a chur chun cinn. Is féidir rochtain a fháil orthu sin ach cliceáil anseo.

SCANNÁN

Is féidir scannán 90 soicind a insíonn scéal Bhealaí na gCeilteach a fháil anseo.

TREOIRLÍNTE BRANDA

Na treoirlínite branda Bhealaí na gCeilteach a chuirfidh an domhan mór ar an eolas faoi cé muid féin agus cad dá a seasaimid. Tá sé uathúil agus sainiúil agus tugann sé muid le chéile i ngach a ndéanaimid. Bainimid leas as ár mbranda aitheanta, ár stíl fhísiúil agus ár bhfíor-thuin chainte chun scéal Bhealaí na gCeilteach a insint ar chaoi chomhtháite mhealltach speisiúil. Is féidir é a aimsiú anseo.

SÓCMHAINNÍ BRANDA BHEALAÍ NA GCEILTEACH

Bí linn agus muid ag iarraidh feasacht a ardú ar Bhealaí na gCeilteach ar fud an domhain. Chun ár sócmhainní branda a úsáid d'fhonn do ghnóthas féin a chur chun cinn, bí i dteagmháil leis an duine ábhartha (liostaithe ar leathanach 54) chun tuilleadh eolais a fháil:

info@celticroutes.irish

info@celticroutes.wales

gwybodaeth@lwybrauceltaidd.cymru

Minwear Woods,
Pembrokeshire

AN GEALLTANAS CEILTEACH

Chreid Ceiltigh an tseansaol go raibh eisint spioradálta ag plandaí, ainmhithe agus fiú rudaí neamhbheo. Ach d'aithin siad freisin go raibh orthu tairbhe a bhaint as an dúlra chun maireachtáil. Ní fhéadfaidís amhlaidh a dhéanamh ach amháin trí chur amach domhain a bheith acu ar an timpeallacht nádúrtha agus trí chaidreamh measúil a chothú léi le go bhféadfaidís maireachtáil i dtiúin léi.

I bhfianaise an mhéid thuas, ba mhaith linn ár gcuairteoirí uile a mhealladh chuig ár dtailte ársa le go bhféadfaidís ómós a léiriú ar an timpeallacht nádúrtha seo agus chuige sin, ár nGealltanais Ceilteach a dhéanamh. Tá an gealltanais seo bunaithe ar na 7 bprionsabal a bhaineann leis an bhfeachtas 'Ná Fág Rian', a shonraíonn cleachtais a laghdaíonn tionchar an duine ar an timpeallacht le go bhféadfaidís taitneamh a bhaint aisti ar bhealach freagrach.

Is féidir libh cabhrú linn maidir leis sin ach an Gealltanais a chur ar taispeántas in áit fheiceálach i do ghnóthas. Bheadh sé níos fearr fós dá bhféadfá féin ceangal an ghealltanais a chur ort féin ar nós na gcontaetha comhpháirtíochta, agus cabhrú le

cuairteoirí téarmaí an ghealltanais a chomhlíonadh. Ar an gcaoi sin, beidh gach duine thuas leis – ár dtailte áille go háirithe.

AGUS MÉ AG TAISTEAL AR BHEALAÍ NA GCEILTEACH:

Rachaidh mé sa tóir ar eachtraí, Ach beidh mé ullamh i gcomhair gach cineál aimsire agus teagmhais.

Úsáidfídh mé iompar poiblí nuair is féidir, Agus smaoinfidh mé ar dhaoine eile agus mé ag taisteal ar mo chonlán féin.

Déanfaidh mé iniúchadh ar an dúlra, Ach coinneoidh mé fad dóthanach uaidh d'fhonn é a chosaint.

Caomhnóidh mé an t-am atá thart, Agus ní thógfaidh mé aon rud nach liom é.

Cosnóidh mé an t-am i láthair, Agus ní fhágfaidh mé aon rud i mo dhiaidh a mbeidh ar dhaoine eile é a ghlanadh suas.

Leanfaidh mé lorg na gCeilteach ársa, Ach ní fhágfaidh mé lorg de mo chuid féin.

Laugharne,
Carmarthenshire

BEALAÍ NA GCEILTEACH

CONTACTS

DISCOVER CARMARTHENSHIRE

www.discovercarmarthenshire.com

Castle House, Carmarthen Castle,
Castle Hill, Carmarthen, SA31 1AD

Tel: +44 (0)1267 231557

DISCOVER CEREDIGION

www.discoverceredigion.co.uk

Tourism Service, Canolfan Rheidol,
Aberystwyth, Ceredigion, SY23 3UE

Email: tourism@ceredigion.gov.uk

Tel: 01970 612125

PEMBROKESHIRE

COASTAL NATIONAL PARK

www.pembrokeshirecoast.wales

National Park Offices,
Llanion Park, Pembroke Dock,
Pembrokeshire, SA72 6DY

Email: info@pembrokeshirecoast.org.uk

Tel: 01646 624800

WEXFORD

www.visitwexford.ie

Tourism Officer, Wexford County
Council, County Hall, Carricklawn,
Wexford, Y35 WY93

Email: Billy.Byrne@wexfordcoco.ie

Tel: 053 9196556

WICKLOW

www.visitwicklow.ie

Tourism Officer, Wicklow County
Council, County Buildings, Whitegates,
Wicklow, A67 FW96

Email: fred@visitwicklow.ie

Tel: 0404 200 70

WATERFORD

www.visitwaterford.com

Tourism Officer, Waterford City
& County Council, 35 The Mall,
Waterford, X91 DN23

Email: oholohan@waterfordcouncil.ie

Tel: 0761102687

Tá an Foireann Uirlisi Gnó seo agus a ábhar ar
fáil, arna iarraidh sin, i nGaeilge / Gaeilge /
Gaeilge na Gaeilge, le an eisceacht do
logainmneacha atá Breatnais tionscnamh
agus úsáid.



Black Castle,
Co. Chill Mhantáin

